



---

## TÉACSANNA ARNA nGLACADH

---

### P8\_TA(2019)0380

#### Údarás Eorpach Saothair \*\*\*I

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 16 Aibreán 2019 ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Údarás Eorpach Saothair (COM(2018)0131 – C8-0118/2018 – 2018/0064(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

- ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2018)0131),
- ag féachaint d’Airteagal 294(2), agus d’Airteagal 46, Airteagal 48, Airteagal 53(1), Airteagal 62 agus Airteagal 91(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C8-0118/2018),
- ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla ar an mbunús dlí atá molta,
- ag féachaint d’Airteagal 294(3) agus d’Airteagail 46 agus 48 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,
- ag féachaint don tuairim réasúnaithe a thíolaic Parlaimint na Sualainne, faoi chuimsiú Phrótaicail Uimh. 2 maidir le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta a chur i bhfeidhm, á mhaíomh nach gcomhlíonann an dréachtghníomh reachtach prionsabal na coimhdeachta,
- ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 20 Méan Fómhair 2018<sup>1</sup>,
- ag féachaint do thuairim ó Choiste na Réigiún an 9 Deireadh Fómhair 2018<sup>2</sup>,
- ag féachaint don chomhaontú sealadach a d’fhorneas an coiste freagrach faoi Riail 69f(4) dá Rialacha Nós Imeachta agus don gheallúint a thug ionadaí na Comhairle i litir dar dáta an 21 Feabhra 2019 go ndéanfadh sí seasamh Parlaimint na hEorpa a fhorneas, i gcomhréir le hAirteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,
- ag féachaint do Rialacha 59 agus 39 dá Rialacha Nós Imeachta,

---

<sup>1</sup> IO C 440, 6.12.2018, lch. 128.

<sup>2</sup> IO C 461, 21.12.2018, lch. 16.

- ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta agus do na tuairimí ón gCoiste um Buiséid, ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht, ón gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla, ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile agus ón gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne (A8-0391/2018),
1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh faoi mar a leagtar amach anseo ina dhiaidh seo;
  2. ag formheas an ráitis chomhpháirtigh ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gComhairle atá i gceangal leis an rún seo, a fhoilseofar i sraith L d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, san eagrán a leanann an t-eagrán ina bhfoilseofar an gníomh reachtach críochnaitheach;
  3. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;
  4. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

**P8\_TC1-COD(2018)0064**

**Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 16 Aibreán 2019 chun go nglacfaí Rialachán (AE) 2019/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Údarás Eorpach Saothair, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 883/2004, (AE) Uimh. 492/2011, agus (AE) 2016/589 agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) 2016/344**

*(Ós rud é gur tháinig an Pharlaimint agus an Chomhairle ar chomhaontú, comhfhreagraíonn seasamh na Parlaiminte don ghníomh reachtach críochnaitheach, Rialachán (AE) 2019/1149.)*

## IARSCRÍBHINN A GHABHANN LEIS AN RÚN REACHTACH

### **Ráiteas comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún**

Tugann Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún dá n-aird nach raibh an próiseas chun an áit ina mbeidh suíomh an Údaráis Eorpaigh Saothair tagtha chun críche tráth glactha an Rialacháin bhunaidh.

Á mheabhrú dóibh an gealltanais maidir le comhar dílis agus trédhearcach, agus na Conarthaí á meabhrú dóibh, admhaíonn na trí Institiúid luach an mhalartaithe faisnéise ó na céimeanna tosaigh den phróiseas chun suíomh an Údaráis Eorpaigh Saothair a roghnú.

Agus luathmhalartú faisnéise ar bun, is éasca a bheadh sé do na trí institiúid a gcearta a fheidhmiú de réir na gConarthaí trí na nósanna imeachta gaolmhara.

Tugann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle rún an Choimisiúin dá n-aire aon bhearta iomchuí a dhéanamh ionas go ndéanfar foráil sa Rialachán bunaidh d'fhoráil maidir leis an áit ina mbeidh suíomh an Údaráis Eorpaigh Saothair, agus a áirithiú go n-oibreoidh an tÚdarás Eorpach Saothair i gcomhréir leis an Rialachán sin.